2026/834

10.4.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/834 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Márta 2026

maidir le síneadh a chur le téarma oifige Chathaoirleach an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE ([1]), agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún, agus go háirithe Airteagal 48(3) de,

Ag féachaint don togra ó Bhord Maoirseoirí an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/879 ón gComhairle ([2]), cheap an Chomhairle Petra HIELKEMA ina Cathaoirleach ar an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) ar feadh tréimhse 5 bliana ón 1 Meán Fómhair 2021.

(2) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 go bhfuil téarma oifige Chathaoirleach ÚEÁPC ('an Cathaoirleach') le maireachtáil 5 bliana agus go bhféadfar síneadh a chur leis uair amháin. Foráiltear leis an Rialachán sin freisin, le linn 9 mí roimh dheireadh an téarma 5 bliana go bhfuil Bord Maoirseoirí ÚEÁPC ('an Bord Maoirseoirí') le meastóireacht a dhéanamh agus go bhfuil an Chomhairle in ann, ag gníomhú di ar thogra ón mBord Maoirseoirí agus le cúnamh ón gCoimisiún, síneadh a chur le téarma an Chathaoirligh, agus an mheastóireacht sin á cur san áireamh.

(3) Tá an chéad téarma oifige 5 bliana de Petra HIELKEMA le dul in éag an 31 Lúnasa 2026.

(4) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, rinne an Bord Maoirseoirí meastóireacht, ina ndearnadh measúnú ar na torthaí a bhain Petra HIELKEMA amach le linn a céad téarma oifige mar Chathaoirleach, ar an gcaoi ar baineadh amach na torthaí sin agus ar dhualgais agus ar cheanglais ÚEÁPC do na blianta amach romhainn.

(5) Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go raibh feidhmíocht Petra HIELKEMA sásúil agus go rannchuideodh a ceannaireacht leanúnach le sainordú ÚEÁPC a chomhlíonadh go héifeachtach.

(6) Dá réir sin, mhol an Bord Maoirseoirí go ndéanfaí síneadh a chur le téarma oifige Petra HIELKEMA mar Chathaoirleach don dara téarma.

(7) Ag féachaint don mheastóireacht agus don mholadh ón mBord Maoirseoirí, is iomchuí síneadh a chur le téarma oifige Petra HIELKEMA mar Chathaoirleach don dara téarma 5 bliana,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

([1]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (ae) 2021/879 ón gcomhairle an 27 Bealtaine 2021 maidir le Cathaoirleach an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) a cheapadh (IO L 192, 1.6.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/879/oj).

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh le téarma oifige Petra HIELKEMA mar Chathaoirleach ar an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) ar feadh tréimhse 5 bliana ón 1 Meán Fómhair 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU